

Ainm: _____

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE** for teachers

Cnuas-seachadadh
2018/19

Theicneolaíocht Fheidhmeach




An tSonraíocht



Téarmaíocht na Sraithe Sóisearaí


<p>Toradh Foghlama</p> <p>Intinn Foghlama (Gluais Téarmaí CNCM)</p>	<p>Is ráitis i sonraíochtaí curaclaim iad na Torthaí Foghlama a chuireann síos ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith ábalta a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama.</p> <p>Is ráiteas é an intinn foghlama do cheacht nó do shraith ceachtanna, ráiteas a chruthaíonn an múinteoir, a chuireann síos go soiléir ar an rud is mian leis an múinteoir a bheid ar eolas ag na scoláirí, a thuigfidh siad agus a bheid siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.</p>	<p>Cruinnithe in Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMA)</p> <p>Aonad Foghlama</p>	<p>I gcruinnithe in Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, roinnfidh agus pléifidh múinteoirí samplaí dá gcuid measúnuithe ar obair scoláirí agus tíoctaidh siad ar chomhthuisicint ar cháilíocht fhoghlaim scoláirí. Beidh gach cruinniú in Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair sainiúil don ábhar agus díreoidh sé ar Mheasúnú Rangbhunaithe a dhéanann an bliainghrúpa áirithe.</p> <p>Nascann Aonad Foghlama Torthaí Foghlama a leagann amach go soiléir cad é a ba chóir a bheid ar eolas ag scoláirí, a thuigfidh siad agus a bheid siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc laistigh den aonad sin.</p>
<p>Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBnna) (Creat lth. 46)</p>	<p>Is é an cur síos is fearr ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe gur ócáidí iad nuair a dhéanann an múinteoir measúnú ar na scoláirí ag úsáid na saintascana a leagtar amach i sonraíocht an ábhair. Déantar cur síos soiléir ar na tascanna faoi mar a dhéantar ar na critéir don mheasúnú chun tacú le breithiúnas múinteoirí. Tá na critéir le fáil sna Gnéithe Cáilíochta a bhíonn nasctha le gach Measúnú Rangbhunaithe. Cé go bhfuil cosúlacht idir an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá sa seomra ranga, i gcás an Mheasúnaithe Rangbhunaithe déantar breith an mhúinteora a thairfead le haghaidh an Athbhreithnithe ar Mheasúnú agus ar Foghlaim Ábhair, agus úsáidtear é i dtuairiscí na scoile do thuismitheoirí agus do scoláirí.</p>	<p>Measúnú Foirmitheach (Creat lth. 35-36)</p>	<p>De réir mar a thugtar isteach níos mó measúnú foirmitheach mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim i seomraí ranga beidh sé sin mar bhonn agus mar thaca ag an tSraith Shóisearach. Sa mheasúnú foirmitheach, bíonn múinteoirí agus scoláirí ag machnamh conas atá an foghlaim ag dul chun cinn agus ag cinneadh ar na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a chinntiú. Is cuid ríthábhachtach den mheasúnú foirmitheach an t-aiseolas a thugann múinteoirí dá gcuid scoláirí. Trí réimse de ghníomhaíochtaí measúnaithe, cabhraíonn an múinteoir leis an scoláire a aithint an méid atá bainte amach aige agus an áit ar féidir tuilleadh foghlama agus forbartha a dhéanamh. Chun an cineál foghlama a fheictear thuas a éascú, forbróidh ról an mhúinteora agus dinimic na hidirghníomhaíochta idir an múinteoir agus an scoláire. Cuirfidh múinteoirí níos mó béime ar mheasúnú a fhi isteach ina gcuid teagaisc chun gur fearr an mhonatóireacht a dhéanfaidh siad ar dhul chun cinn scoláirí ina gcuid foghlama agus a aithneoidh siad conas is féidir leo cabhrú le scoláirí machnamh ar a gcuid foghlama agus anailís chriticiúil a dhéanamh uirthi.</p>
<p>Gnéithe Cáilíochta (Gluais Téarmaí CNCM)</p>	<p>Is iad gnéithe cáilíochta na ráitis sa ghearrchúrsa/i sonraíochtaí an ábhair a thacaíonn le múinteoirí chun breithiúnais a dhéanamh faoi cháilíocht obair an scoláire ar mhaithe le grád ghnóthachtála a bhronnadh i gcomhair deimhniúcháin. Toisc go bhfuil critéir rathúlachta nasctha go dlúth le cuspoirí foghlama agus bunaithe ar ghnáth-phróisis ó lá go lá sa seomra ranga, de réir a chéile léireoidh foghlaim an scoláire na riachtanais atá leagtha amach sna gnéithe cáilíochta a úsáidtear chun críocha measúnaithe agus tuairiscithe.</p>	<p>Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (Creat lth. 46)</p>	<p>Tabharfaidh an PGSS aitheantas do ghnóthachtáil trasna na réimsí foghlama uile de réir mar a oireann: Ábhair, Gearrchúrsaí, Folláine, Aonaid Tosaíochta Foghlama, Réimsí eile foghlama. Beidh an PGSS bainteach le agus tuairisceoidh sé ar ghnóthachtáil sna heilimintí measúnaithe uile lena náirítear measúnú leanúnach, foirmitheach; Measúnú Rangbhunaithe; agus gráid an CSS a chuimsíonn torthaí ó scrúduithe stat-teistithe agus Tascanna Measúnaithe.</p>
<p>Measúnú Suimitheach (Gluais Téarmaí CNCM)</p>	<p>Is rud suimitheach é an measúnú nuair a úsáidtear é chun measúnú a dhéanamh ar foghlaim scoláire ag deireadh an phróisis teagaisc nó tréimhse foghlama. Is é is cuspóir dó achoimre a thabhairt ar ghnóthachtáil na scoláirí agus a shocrú cé acu agus cá mhead a thaispeáin siad tuisicint ar an bhfoghlaim sin trína cur i gcomparáid le critéir ratha chomhaontaithe nó le gnéithe cáilíochta.</p>	<p>Critéir Ratha</p> <p>Córas Rialaithe</p>	<p>Tá ceangal idir critéir ratha agus intinní foghlama. Is é an múinteoir agus/nó an scoláire a cheapann iad agus cuireann siad síos ar an gcuma a bheid ar obair rathúil. Cabhraíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnas a dhéanamh faoi cháilíocht fhoghlaim scoláirí.</p> <p>Is é atá i gcóras rialaithe go n-úsáidtear comhpháirteanna chun mionathruithe a dhéanamh ar iompar córais, sa dóigh is go bhfeidhmeoidh sé i sli áirithe.</p>

Turas Foghlama an Scoláire



Aonaid Foghlama

Aonaid Foghlama



Measúnuithe leanúnacha

Réasúnaíocht

Cuireann gach ábhar teicneolaíochta eispéiris dhifriúla ar fáil don scoláire a chuireann leis an oideachas a fhaigheann sé i réimse na teicneolaíochta. Mar gheall air sin, ní bhaineann an fhoghlaim a dhéantar sna hábhair teicneolaíochta leis an teicneolaíocht amháin, ach leis na scileanna bunúsacha a bhaineann leis na hábhair teicneolaíochta, scileanna arbh fhéidir iad a úsáid i réimsí eile foghlama. Scileanna lena spreagtar an scoláire chun fadhbanna a réiteach tríd an gcruthaitheacht, an nuálaíocht, an chumarsáid, an comhoibriú agus an fiosrú, scileanna a fhorbraítear i dtimpeallacht ghníomhach foghlama mar a bhfuil an scoláire in ann smaointe a fhorbairt go dtugtar chun críche iad.

Tugann an Teicneolaíocht Fheidhmeach aghaidh ar na hathruithe a tháinig ar an domhan nádúrtha chun riachtanais nó mianta an duine dhaonna a shásamh. Tugtar léargas eile don scoláire leis an ábhar seo chun féachaint ar ról agus ar thionchar na teicneolaíochta sa seomra ranga, sa phobal agus i gcomhthéacs an domhain mhóir.

Deartar gach táirge de dhéantús an duine ach eolas éigin ar an domhan nádúrtha a chur chun feidhme agus úsáidtear ábhair a thagann ón domhan nádúrtha chun iad a dhéanamh, fiú nuair nach ábhair nádúrtha iad na hábhair féin. Téann teicneolaíochtaí nua i bhfeidhm ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol. Déanfaidh an scoláire anailís ar na buntáistí agus ar an tionchar lena bhfuiltear ag súil nuair atá cinntí á dhéanamh aige faoina réitigh dearaidh, gan dearmad a dhéanamh ar an úsáideoir deiridh, ar an tionchar comhshaoil agus ar fheidhmiúlacht an dearaidh.

Ach staidéar a dhéanamh ar an Teicneolaíocht Fheidhmeach, beidh deis ag an scoláire cumas agus litearthacht teicneolaíochta a fhorbairt mar go mbeifear ag dul i ngleic le réimse leathan ábhar agus córas. Forbróidh an scoláire tuiscint ar phrionsabail an fhuinnimh agus an rialaithe chun fadhbanna praiticiúla a réiteach. Beidh an tsaoirse ag an scoláire dearadh agus an smaointeoireacht córas a fhiosrú tríd an bpróiseas atriallach a bhaineann le smaointe a cheapadh, a scagadh, a thabhairt chun críche agus a mheasúnú.

Aidhm

Is é is aidhm na Teicneolaíochta Feidhmí sa tsraith shóisearach:

- a chur ar chumas an scoláire tuiscint choincheapúil, scileanna disciplíneacha agus an t-eolas riachtanach ar an ábhar a fhorbairt chun fadhbanna réadúla a iniúchadh agus a réiteach
- taitneamh as staidéar a dhéanamh ar an ábhar a chur chun cinn fad is a fhorbraítear fiosracht faoi dhomhan na teicneolaíochta
- forbairt a dhéanamh ar chumas an scoláire smaointe a cheapadh agus a fhorbairt trí phróiseas atriallach agus cumarsáid a dhéanamh trí na meáin chuí
- forbairt a dhéanamh ar an teacht aniar atá sa scoláire nuair a dhéantar critic chuiditheach air agus tacú lena fhoghlaim i dtimpeallacht 'inar féidir teip'
- meon fiosracha, nuálaíochta, cruthaitheachta agus féinéifeachtúlachta a spreagadh.

An tSonraíocht I.4 & 5

Cur I Láthair Sciobtha

Ceap cur i láthair sciobtha chun Teicneolaíocht Fheidhmeach a chur chun cinn (bunaithe ar an réasúnaíocht agus ar an aidhm).

Ciorclaigh do lucht éisteachta:

Dalta



Tuismitheoirí




Príomhoide



Pointí Féideartha:

An Teicneolaíocht Fheidhmeach – cad é atá ann? Cén fáth a bhfuil sí uathúil? Cén fáth ar chóir don lucht éisteachta seo smaoiniamh uirthi? Cén áit a dtabharfadh an Teicneolaíocht Fheidhmeach thú i ndiaidh na Sraithe Sóisearaí? Smaoinigh ar na hábhair spéise atá ag an lucht éisteachta agus tú ag cumadh do chuir i láthair. Seans go gcabhródh áis amhairc le do chur i láthair.



Theicneolaíocht Fheidhmeach

Riachtanais
& Mianta

Smaoineamh

Bunsmaoineamh



Saoirse chun Fiosrú

LIONSA

le breathnú ar
ról agus ar
thionchar na
teicneolaíochta



An Domhan

Pobal

Seomra
ranga



Timpeallacht slán ó theip

RUDAÍ LE CUR SAN ÁIREAMH

- Úsáideoir deiridh
- Tionchar timpeallachta
- Feidhmiúlacht



FOIREANN UIRLISÍ

- Ábhair agus Córais
- Fuinneamh agus Rialú



Fíorú

Ráitis Foghlama

Tacaíonn an Teicneolaíocht Fheidhmeach le réimse leathan foghlama sa tsraith shóisearach.

An ráiteas	Samplaí d'fhoghlaim ábhartha
RF 21: Cuireann an scoláire scileanna praiticiúla i bhfeidhm de réir mar a fhorbraíonn sé/sí múnlaí agus táirgí ag baint úsáide as ábhair agus as teicneolaíochtaí éagsúla.	Ceapfaidh an scoláire réitigh trí shamhaltú agus trí thionscadail lena bhforbraítear na scileanna praiticiúla agus é ag oibriú le réimse ábhar agus trealaimh.
RF 23: Tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú.	Forbróidh an scoláire as féin coincheap chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb éigin agus ceapfaidh sé an réiteach trí úsáid a bhaint as na hábhair chuí agus as na scileanna a d'fhorbair sé.
RF 24: Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach chun foghlaim, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticíúil.	Roghnóidh an scoláire uirlisí cuí ó na meáin dhigiteacha chun taighde a dhéanamh ar smaointe dearaidh agus chun iad a fhiosrú agus a léiriú.
RF 20: Úsáideann an scoláire teicneolaíochtaí cuí chun dul i ngleic le dúshlán deartha.	Cinnfidh an scoláire céard iad na teicneolaíochtaí is feiliúnaí atá ar fáil dó agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad chun na critéir a bhaineann le fadhb dearaidh a shásamh.
RF 19: Tá luach ag an scoláire ar ról agus cion na heolaíochta agus na teicneolaíochta i leith na sochaí, agus an tábhacht phearsanta, shóisialta agus dhomhanda atá leo.	Déanfaidh an scoláire an tionchar a bhíonn ag an teicneolaíocht ar a shaol féin, ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol a mheasúnú.
RF 15: Aithníonn an scoláire an úsáid is féidir a bhaint as eolas, scileanna agus tuiscint mhatamaiticíúil i réimsí uile na foghlama.	Beidh an scoláire in ann réasúnaíocht uimhriúil a chur i bhfeidhm trí chleachtaí a mharcáil amach ó thoisí a thugtar.

Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí



Snáitheanna

SNÁITHE 1: PRIONSABAIL AGUS CLEACHTAIS

Sa snáithe seo, foghlaimeoidh an scoláire faoi na prionsabail agus na cleachtais bhunúsacha a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar an Teicneolaíocht Fheidhmeach agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad. Cuirfidh an scoláire an t-eolas atá aige ar ábhair agus ar threalamh i bhfeidhm chun réitigh a chruthú a gcuireann eispéireas an úsáideora deiridh san áireamh. Éascaíonn an staidéar ar phrionsabail agus ar chleachtais eolas faoi theicneolaíochtaí, idir chinn atá ann cheana agus chinn atá ag teacht chun cinn, a chur chun feidhme agus bíonn an scoláire in ann cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcaoi is fearr chun fadhb réadúil a réiteach go cruthaitheach agus réiteach a chur i gcrích.

SNÁITHE 2: FUINNEAMH AGUS RIALÚ


Mar chuid den snáithe seo, fiosraíonn an scoláire foinsí éagsúla fuinnimh a chuireann ar chumas gléasanna tascanna a dhéanamh go sábháilte agus go héifeachtúil nuair a athraítear nó nuair a rialaítear na foinsí fuinnimh sin. Spreagtar an scoláire le haithint gur gá fuinneamh agus ábhar a úsáid ar bhealach tíosach inbhuanaithe.

Cruthaíonn an scoláire réitigh rialaithe ach úsáid a bhaint as na scileanna, an t-eolas, na luachanna agus an meon a fhorbraítear trí staidéar a dhéanamh ar na snáitheanna eile.

SNÁITHE 3: AN TEICNEOLAÍOCHT AGUS AN TSOCHAÍ

Sa snáithe seo, faigheann an scoláire taithí ar an idirghníomhú idir an teicneolaíocht agus an tsochaí. Scrúdaíonn an scoláire an tionchar a bheidh ag a chinntí dearaidh ar an gcomhshaol agus déanann sé machnamh ar riachtanais an úsáideora i ndáil le réitigh. Faigheann an scoláire tuiscint bhunúsach ar na ceistanna atá ann don tsochaí mar gheall ar fhorbairtí teicneolaíochta agus músclaítear fiosracht an scoláire ina dtaobh; dá bharr sin, fiosraíonn an scoláire úsáid fhéideartha na bhforbairtí teicneolaíochta sa tsochaí.

Dearadh Muileatach Dúbailte



Aois, céim agus réamhfhoghlaim do scoláirí a chur san áireamh.

Cén fhoghlaim ar mhaith linn díriú uirthi?

Na snáitheanna agus na gnéithe araon a fhiosrú agus torthaí foghlama á roghnú



Na torthaí foghlama do d'aonad foghlama a shainiú.

Príomhfhoghlaim na scoláirí a aithint ag úsáid briathra gnímh chun cabhrú le do smaointeoireacht.

Meabhraigh conas a dhéanfaidh muid measúnú agus tuairisciú ar fhianaise ar fhoghlaim.



Smaointe a fhorbairt ar an gcaoi a bhfaigheadh scoláirí blaiseadh den fhoghlaim seo.

Conas a bheith a fhios agam go bhfuil siad ag foghlaim

Ag úsáid chomhthéacs do sheomra ranga féin, cé na modheolaíochtaí agus na hacmhainní a chabhróidh le scoláirí taithí a fháil ar na torthaí foghlama

Cinntiú go mbíonn an measúnú ag teacht leis na torthaí foghlama agus lena mbriathra gnímh.



Dearadh Muileatach Dúbailte

MOB/CÉIM
An céad bliain - Meán - Fíorchaire
(Bonsaile)

REATH-ÉOLAÍ
- Scoileanna Glasa
- Athchórsaíl
- Inbhuaireacht
- Cruaitheach + Fíorach
- Curaclam DBIE
- Freamhshárthú + Ag Téigil

FOGHLAIB
- Timpeallacht slán ó theip (1.3, 1.13, 2.2, 3.2, 3.3)
- Meán Fíorcháin (1.3, 1.5, 1.6, 2.6, 3.1, 3.4)
- Na hábhair (1.9, 1.10, 3.5)

MOB/CÉIM
- Obar Ghripa
- Iad féin mar Úsáideoirí
- Dileachas
- Cúisitheach
- Clárú féidearta

EISPÉIRIS FOGHLAIB FHEIDHARHA [PACÁISTÍÚ]
- Pacáistíú nó an dara feidhm/saol - Vascúrsaíl
- Pacáistíú a dheanadh chun rud a chosaint
- Mentí/KAYOT - Réamhadas a fhiosú
- Anailís téigil - Pacáiste a thabhairt isteach
- Feidhm Spriocshárthúgail / Abhair / Margáid
- Dath Aestéitic

FOGHLAIB
- Feasacht ar féin agus ar dhaoine eile (1.5, 3.6, 3.3, 3.8)
- Tionchar ar an timpeallacht (3.8, 3.9, 3.5, 1.6, 2.6)

TORTHAÍ FOGHLAIB
3.3 Míniú a thabhairt ar an gcaoi a dtéann an tsaoth agas an comhshaoth i bhfeidhm ar réitigh agas ar thortáil
2.6 Caomnú agas éifeachtacht foimh a fhiosú
1.5 Móránh a dhéanamh ar éispéireas an tsaothleora le rith ag gach céim den phróiseas dearta
3.2 Measú a dhéanamh ar a éifeacht agas atá na réitigh
1.3 Smaointe a bheocheadh ach said a bhaint ar an bhfreamhshárthú.
3.5 Na císcaim a bhí le hábhair agas próisis ar leith a reathú a chosaint, bunaithe ar thosa éagsúla ar nós císú comhshaoil, císú agilleagacha agas císú eiticeola.

RIOTHACHTÁIL SAICHEAPA
- Feasacht ar inbhuaireacht
- Feidhm
- Plaisteach coiréide
- PPT/Póstaer
- Foinneach Gorpaithe
- Griothacht thart ar ordú
- Céimeanna

SADRE
- Céin fath na pacáistíú?
- Stadéar ar dlúthraigí
- Mithúcháin faoi phacáistíú
- Drospóireachtaí agas / Maple
- Tobasmaointe
- Ollmhargáí 2030
- Físeán
- Feachtas Fíorghaite / Séisiún Tosaigh ar rielis
- Póstaer

FORBAIR TABHAIR
- Buidéal lenáil a oscailt
- Úsáideoirí A/B/C
- Líonáil a athsháil
- Físeán
- Feachtas Fíorghaite / Séisiún Tosaigh ar rielis
- Póstaer

PRÍOMH FHOGHLAIB
- Abhair agas tionchar ar roghanna ar an timpeallacht.
- Tabhairt éispéireas an tsaothleora dheiridh sa deara. Físeán / Vegware
- Foghlaim nua a dhéan i bhfeidhm trí phacáiste freamhshárthúla a fhórsaí agas a mhéad.

MEASÚ AGUS TUAIRISCÍÚ
- Rangpháirtíocht i dtosaí - aiseolas ó béal
- Ag abair i gcomhair le chéile - M.F. Páistí
- Aisíocht freamhshárthúla
- An tuisint atá acu ar an bpríomhfhoghlaim a ghabháil i bhfeidhm fíorghaite.

ABHAIR
- Féach + Tosa ar phacáistithe
- PLE ar éigí foimh agas ar thionchar abhair ar an gcomhshaoth.
- Tíoch ar an timpeallacht - Abhair
- Tionscadal teicneolaíoch ar chupán cafe físeáil na céimíocháil
- Inbhuaireacht
- PDS, Saolcé, Cur; Cathair Seibhítha
- Ruic ar phacáistíú clóiteach + Éifeachtacht a mhéad
- Úsáideoirí deiridh
- Pacáistíú a dheanadh
- Scait agas nótaí
- Measú agas beocheadh

DDS–Dearfach, Diúltach, Suimiúil



Dearfach: _____

Diúltach: _____

Suimiúil: _____



Dearfach: _____

Diúltach: _____

Suimiúil: _____



Dearfach: _____

Diúltach: _____

Suimiúil: _____

Gníomhaíocht fréamhshamhaltaithe

Cad é a thugann éifeacht do phacáiste in ionad miondíola?

Dear réiteach pacáistithe le haghaidh ceann de na táirgí lena cur ar taispeánt in ionad miondíola. (Dréachtobair / Sceitsí / Smaointe / Nótaí)

Dear réiteach pacáistithe le haghaidh ceann de na táirgí lena cur ar taispeáint in ionad miondíola. (Dréachtobair / Sceitsí / Smaointe / Nótaí)

Measúnú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí

Measúnaithe Rangbhunaithe

Measúnú Rangbhunaithe 1: Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú Taifeadtar breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe le hathbhreithniú ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair, agus ar mhaithe le tuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire. Déanfar an Measúnú Rangbhunaithe laistigh de thréimhse trí seachtaine sa dara téarma den dara bliain.

Measúnú Rangbhunaithe 2: Féinanailís agus measúnú an scoláire Taifeadtar breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe le hathbhreithniú ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair, agus ar mhaithe le tuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire.

Déanfar an Measúnú Rangbhunaithe laistigh de thréimhse trí seachtaine sa chéad téarma den tríú bliain.

Cuirfidh an Measúnú Rangbhunaithe seo bonn eolais faoi obair an scoláire don tionscadal.

MEASÚNUITHE DEIRIDH (SEC)

Tionscadal	70%	Sonróidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit na treoracha gach bliain. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit a dhéanfaidh an páipéar seo a mharcáil.
Scrúdú scríofa	30%	Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit a dhéanfaidh an páipéar seo a leagan amach agus a mharcáil.

Measúnú Rangbhunaithe 1:

Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú

Bunaítear an tionscadal seo ar an iniúchadh agus tabharfar deis don scoláire breathnú ar an gcaoi a dtéann córais rialaithe i bhfeidhm ar a thimpeallacht áitiúil, ar nós an tseomra ranga, na scoile, an phobail, srl., a fhiosrú i ngrúpa nó as féin. I rith an mheasúnaithe seo, forbróidh an scoláire an t-eolas, an tuiscint agus na scileanna a bhaineann leis an snáithe Fuinneamh agus rialú agus leis an snáithe An teicneolaíocht agus an tsochaí, snáitheanna riachtanacha sa staidéar a dhéantar ar an Teicneolaíocht Fheidhmeach.

Tríd an bpróiseas seo, iniúchfaidh an scoláire:

- córas rialaithe sainaitheanta ag a bhfuil feidhm ar leith
nó
- córas rialaithe a d'fhéadfaí a úsáid chun feidhm ar leith a dhéanamh.

Tá sé tábhachtach go gcothaítear meon fiosrach sa scoláire, ach ligean dó turgnaimh a dhéanamh, é a spreagadh le deiseanna nua agus dúshlánacha a fhiosrú agus machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas.

Féadfaidh an scoláire torthaí a iniúchta a chur i láthair le meáin ar bith atá oiriúnach.

Beidh breis eolais leagtha amach ar na treoirlínte measúnú dó Teicneolaíocht Fheidhmeach ó an CNCM

Measúnú Rangbhunaithe 2:

Féinanailís agus measúnú an scoláire

Maidir leis an Measúnú Rangbhunaithe seo, déanfaidh an scoláire, leis féin, anailís ar an obair chúrsa a rinne sé agus ar na scileanna atá aige go dtí seo sa Teicneolaíocht Fheidhmeach. Díreoidh an scoláire an anailís agus an measúnú ar réimse tascanna a rinneadh nó ar thasc ar leith. Beifear ag súil go ndéanfaidh an scoláire athbhreithniú criticiúil ar an dul chun cinn a rinne sé agus go sainaithneodh sé réimsí ina bhfuil sé láidir agus réimsí arbh fhéidir leis feabhas a chur orthu, ag féachaint le bonn eolais a chur faoin bpleanáil agus na cinntí a dhéanfaidh sé don tionscadal. Déanfaidh an scoil an measúnú foirmitheach seo a bhaineann leis an bpróiseas a thuairisciú don scoláire agus don tuismitheoir/chaomhnóir faoi mar a dhéantar leis na Measúinuithe Rangbhunaithe uile.

Ceaptar an Measúnú Rangbhunaithe seo chun cleachtas an fhéinmheasúnaithe a spreagadh síos tríd an bpróiseas seachas nuair a chríochnófar an tasc. Nuair a bheidh an fhéinanailís déanta ag an scoláire, ní mór dó an anailís a léirmhíniú agus na torthaí a mheasúnú mar threoir chuiditheach don tionscadal a bheidh le déanamh go luath.

Féadfaidh an scoláire meáin oiriúnacha ar bith a úsáid chun an bpróiseas féinanailíse agus measúnaithe a chur in iúl.

Beidh breis eolais leagtha amach ar na treoirlínte measúnú dó Teicneolaíocht Fheidhmeach ó an CNCM

Cad iad na chéad chéimeanna eile agam?

Sna míonna amach romhainn...

Cad é a chaithfidh mé a dhéanamh...

Cad é a d'fhéadfainn a dhéanamh...

Cad iad na straitéisí nua a thiocfadh liom a úsáid i mo sheomra ranga?

Bogearraí a úsáidtear le linn an lae

Quiz Briathra Gnímh – www.quizlet.com

Póstaer Réasúnaíochta – PowerPoint agus Inkscape. Íocóin ó www.flaticon.com

Íomhánna Íocóin – www.thenounproject.com

Íomhánna – www.unsplash.com | www.pixabay.com

Cóid MF – www.qrstuff.com

*Eispéireas Foghlama B

Príomhfoghlaim: An tábhacht sa deardh atá le heispéireas an úsáideora dheiridh.

Pacáistiú- Eispéireas an úsáideora dheiridh

Cad é is gá a chur san áireamh i ndearadh an phacáistithe agus muid ag smaoineamh ar an úsáideoir dheiridh?

Úsáideoir deiridh

Ceangal branda

A Bheith feiceálach

Feidhmiúil

Foirm - Aeistéitic

3.3 3.2 1.5

Grúp-phlé:

-Cad é is gá a chur san áireamh i ndearadh an phacáistithe agus muid ag smaoineamh ar an úsáideoir dheiridh?

Cén táirge / branda ar a smaoiníonn tú...

3.3 3.2 1.5

Fócas ar an bhFoirm

An pacáistiú clúiteach a shainnítear.

Ceisteanna le meabhrú:

- Cén fáth a bhfuil siad chomh so-aitheanta?
- An réitigh éifeachtacha pacáistithe iad? Cén fáth / Cén fáth nach ea?
- Cad é ar smaoinigh gach ceann de na comhlachtaí sin air agus iad ag deardh a bpacáistithe?

Pacáistiú – Eispéireas an Úsáideora

McDonald's Happy Meal

Apple

Tiffany & Co

Ferrero Rocher

Grúp-ghníomhaíocht

- Cad é is mian leis na comhlachtaí seo a bhainfidh a bpacáistiú amach?
- Conas a dhéanann siad é sin?

3.3 3.2 1.5

Fócas ar eispéireas an úsáideora dheiridh

Ceisteanna le cur san áireamh:

- Cad é is mian leis na comhlachtaí seo a bhainfidh a bpacáistiú amach?
- An bhfuil cosúlachtaí ann ó chomhlacht go comhlacht?
- Cad é an cineál mothúchán is mian leis na comhlachtaí a mhúscailt?
- Conas a dhéanann siad é sin?

Eispéiris foghlama fhéideartha eile

Breathnú ar thí úsáideoir dhifriúla ag oscailt agus ag athshéalú pacáistiú áirithe roghnaithe (m.sh. bosca gránach)

Fianaise ar fhoghlaim

Breathnú ar úsáideoirí a bhíonn ag plé leis an bpacáistiú agus agallamha a chur orthu

Mata boird

úsáideoir 1

úsáideoir 2

úsáideoir 3

Fréamhsamhail pacáistí gránach a dheardh a bhfuil athru déanta air a threastalaíonn ar an trí úsáideoir.

3.2 1.5

Úsáideoir dheiridh – Sainriachtanais

- Breathnú ar thí úsáideoir dhifriúla (m.sh. seandúine, páiste, duine ciotógach) ag oscailt agus ag athshéalú pacáistiú áirithe roghnaithe (m.sh. bosca gránach, liamhás, barra seacláide srl.)
- Taifead a dhéanamh de shainriachtanais / eispéireas gach úsáideora ar an mata boird.
- Riachtanais choiteanna a chlárú i lár an mhata bhoird.
- Réiteach mionathraithe a dheardh chun freastal ar an trí úsáideoir.

Nótaí

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE** for teachers

Sonraí Teagmhála

Oifig Riaracháin:

Ionad Oideachais Mhuineacháin,
Cnoc an Chonnaidh,
Br. Ard Mhacha,
Co. Mhuineacháin.

www.metc.ie

I gcomhair gach fiosrúcháin déan

teagmháil le:

info@jct.ie

Lean sinn ar Twitter:

[@JCt4ed](https://twitter.com/JCt4ed)



Oifig an Stiúrthóra:

BOOLM,
Sráid an tSéipéil,
Dún Dealgan,
Co. Lú

Príomhshuíomhanna

Gréasáin:

www.jct.ie

www.curriculumonline.ie

www.ncca.ie

